

An tseachtain seo caite, léigh muid ón leabhar sin ón bPápa *Christus vivit* go dteastaíonn ó Dhia go mbeadh muid sona sásta go fíor sa saol seo (147). Iarrann léachtaí an deireadh seachtaine seo, Cén chaoi a bheith sona sásta go fíor sa saol seo? Agus an freagra? Tá sé sa dara léacht: Bíodh bhur smaointe ar na nithe atá thuas agus ní ar na nithe atá ar an talamh.

Tá parabal sa Soiscéal a léiríonn go bhfuil sé amaideach muinín a bheith againn sna nithe atá ar talamh – saibhreas, rudaí deasa.... ‘Baois’ a thugann an chéad léacht air – bréag! Is iad na nithe atá thuas a shásaíonn go fíor: grá, síocháin, dóchas, flaithiúlacht, cairdeas, comhlúadar, na nithe níos airde a thagann le creideamh.

Maireann muide anois in aois shaolta/tuata, is é sin, sochaí gan Dia, gan reiligiún, gan Eaglais; saol ina bhfuil Dia in easnamh agus ní airíonn uaidh É; ina bhfuil do chreideamh príobháideach, pearsanta duit féin, agus coinnigh mar sin é san áit poiblí!

Iad siúd a scríobhann ar áit an reiligiúin sa domhan anois, deir siad go bhfuil aois nua ag teacht, aois iar-tuata, mar go bhfeiceann (agus feicfidh níos mó agus níos mó) nach sásaíonn ‘an saol gan Dia, gan creideamh’ an duine go fíor agus go hiomlán.

Teipfidh an aois tuata seo; ní bheidh sí in ann gach a gheallann sí a thabhairt! Feicfear nach bhfuil dóthain sa gcuntas aici (‘maitheasaí i dtaisce’ de réir an pharabail inniu) chun go seasfaidh air gach a gheallann an aois tuata.

Feicfidh daoine (Tuigfidh siad) go bhfuil rud éigin mícheart, in easnamh; go bhfuil bochtannas sa saol gan Dia, agus gan an slí maireachtála a thagann le reiligiún.

Tá ról tábhachtach againne a chreideann fós mar sin, agus muid ag caoineadh an domhan gan Dia mar atá sé: go bhfanfadh muid foighdeach, agus ár smaointe a choinneáil ar na nithe atá thuas agus a shásaíonn muid. Sin a theastaíonn an domhan uainne a chreideann anois, b’fhéidir, ionas go bhfeicfidh an saol nuair a bheidh daoine réidh céard a chaith siad amach. Ansin déarfadh siad linn, ‘Labhraigí linn arís faoi Íosa Críost agus na nithe atá thuas agus a gheallann sé’.

Guí an Phobail

Guímid chun Dé go neartóidh sé muid ar thuras an tsaoil

1. Go maire muid ag brath ar Dhia le haghaidh chuile rud. A Thiarna, éist linn.
2. Go raibh muid buíoch as atá againn; go spreaga siad muid chun na nithe atá thuas agus buan a iarraidh. A Thiarna, éist linn.
3. Go bhfana daoine óga leis an gcreideamh a tugadh dóibh; go bhfana siad páirteach linn san Eaglais. A Thiarna, éist linn.
4. Do dhaoine ag taisteal an deireadh seachtaine seo: go raibh siad slán ó chontúirt, agus go mbainfeadh muid taitneamh ceart as an saoire. A Thiarna, éist linn.
5. Ar son na marbh, go háirithe N., guímid go bhfuil iomlán na nithe thuas faighte ag ár marbh mar a bhfuil Críost ina shuí ar dheis Dé. A Thiarna, éist linn.

*A Dhia,
seo iad ár bpaidreacha
agus muid le chéile mar phobal inniu.
Éist linn trí Chríost ár dTiarna. Áiméan*